

Baincéireacht ar Líne agus Aip Móibíleach

Ceisteanna a Chuirtear go Minic & Breithnithe Slándála

Ceisteanna a Chuirtear go Minic

- **Cén bealach a gcláróidh mé don Bhaincéireacht ar Líne?**

Is féidir clárú don Bhaincéireacht ar Líne tríd an nasc seo a leanas a leanúint:
<https://www.cu247secure.ie>

- Cliceáil ar an gcnaipe 'Cláraigh' ar bharr thaobh na lámhe deise den scáileán.
- Líon isteach na mionsonraí sa chuid ar 'Sínigh Suas Anois'.
- Léigh na Téarmaí agus na Coinníollacha maidir le rogha a dhéanamh síniú suas don Bhaincéireacht ar Líne.
- Cliceáil ar an gcnaipe 'Cláraigh'.


Sin an méid atá i gceist!

- **An féidir liom úsáid a bhaint as mo chuntas ar líne agus an fón póca á úsáid agam?**

Má tá fón póca Android nó iPhone agat, beidh ar do chumas an aip móibíleach a íoslódáil agus úsáid a bhaint as do chuntas ar líne ar an mbealach sin.

Is féidir an leagan Android a íoslódáil ón Google Playstore. Is féidir an leagan don iPhone a íoslódáil ón Apple iStore.

Déan cuardach ar 'CU247' agus feicfidh tú an aip ar bharr an liosta roghanna leis an íomhá seo a leanas.



- **Cén uair a gheobhaidh mé mo PIN?**

Gheobhaidh tú téacs a dheimhníonn go bhfuil do chlárúchán faighte ag an gComhar Creidmheasa agus iarrfar ort bualadh isteach chuig an gComhar Creidmheasa le d'Uimhir Úsáideora Pearsanta agus do PIN a bhailiú.

Éileoidh muid ort grianghraf agus cruthúnas maidir le seoladh atá suas chun dáta a chur ar fáil.

- ***(Aitheantas Fótagrafach (pas bailí, ceadúnas tiomána bailí nó Cárta Aitheantais Náisiúnta AE bailí).***
- ***Cruthúnas maidir le seoladh (bille seirbhíse, ráiteas airgeadais nó litir ó Roinn Rialtais. (Ní mór iad seo go léir a bheith faoi bhun 6 mhí).***

-
- **Tá mo PIN dearmadta agam, cén áit a bhfaigheadh mé ceann nua?**

Déan teagmháil leis an gComhar Creidmheasa le do thoil agus beidh ar a gcumas PIN a thabhairt duit arís.

-
- **Cé na hidirbhearta a bheidh ar mo chumas tabhairt fúthu leis an Bhaincéireacht ar Líne?**

D'fhéadfá, ag brath ar na leibhéil ceadanna rochtana a thugann an Comhar Creidmheasa duit:

- Féachaint ar Mhionsonraí agus ar an iarmhéid do Chuntais.
- Airgead a aistriú chuig cuntas eile atá i d'ainm féin nó chuig cuntas ball a bhfuil gaol agat leis/léi.
- Airgead a aistriú chuig aon chuntas ag a bhfuil BIC & IBAN ó Chuntas Flexi.
- Orduithe Seasta a tharlaíonn arís agus arís eile a shocrú suas.
- An fón póca a chlárú le cóid rochtana a fháil trí théacs,

Is féidir an méid sin go léir a dhéanamh go héasca, go slán agus as áit ar bith ar an Láithreán Gréasáin ar Líne agus/nó ar an Aip Móibíleach. Labhair leis an gComhar Creidmheasa maidir leis na roghanna atá ar fáil duit.

- **Cén Bealach a bhfaigheadh mé mionsonraí maidir leis an iasacht atá ar cheachtar de mo chuid cuntais?**

Le féachaint ar mhionsonraí iasachta ar aon chuntas téigh go dtí an táb 'Cuntais' ar an láithreán gréasáin Baincéireachta ar Líne/Aip Móibíleach agus cliceáil ar an gceannteideal 'Cuntais Iasachta' faoi d'Achoimre maidir le Cuntais Phearsanta. Beidh na mionsonraí maidir le haon iasacht ghníomhach atá agat ar taispeáint thíos faoi.

- **Cén Bealach a bhfaigheadh mé mionsonraí maidir le mo Chomhchuntas?**

Le féachaint ar mhionsonraí do Chomhchuntas, téigh go dtí an táb 'Cuntais' ar an láithreán gréasáin Baincéireachta ar Líne. Cliceáil ar an 'gComhchuntas' atá ar taispeáint. Mura mbíonn an rogha bosca téacs 'Comhchuntas' ar taispeáint, d'fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh mar gheall go bhfuil an cuntas seo socraithe suas le hUimhir Aitheantais Pearsanta difriúil seachas mar atá ag do Chuntas Pearsanta féin. Murar féidir leat mionsonraí an Chomhchuntais a fheiceáil, iarr tuilleadh cúnamh ar an gComhar Creidmheasa le do thoil.

- **An mbeidh feidhm leis an Reo Scaireanna sa Bhaincéireacht ar Líne**

Beidh, beidh feidhm leis na rialacha céanna ar líne mar a chéile is a fheidhmíonn siad laistigh den iarratas CU24⁷ a mbaineann áiritheoirí sa Chomhar Creidmheasa úsáid astú.

- **Tá ráiteas ordaithe agam. Cén uair a chuirfear an ráiteas seo ar fáil dom?**

Seoltar an t-iarratas seo go huathoibríoch chuig an gComhar Creidmheasa agus déanfaidh siadsan d'iarratas a phróiseáil. Déanann an Comhar Creidmheasa an ráiteas a phriontáil agus seoltar chugat sa phost é.

- **An féidir liom mo chuid 'Cuntais Ghaolmhara' a fheiceáil sa Bhaincéireacht ar Líne?**

Beidh rochtain ag an mball ar a gCuntais Phearsanta féin; ar Chuntas ina bhfuil siad ina gCumbhall agus ar aon chuntas eile freisin a mheasfar a bheidh ina 'Chuntas Gaolmhar'. Measfar cuntas a bheith ina 'Chuntas Gaolmhar' mar leanann sé an critéar seo a leanas:

- Tá Cuntas Sóisearach ag an mBall Gaolmhar (téigh i dteagmháil leis an gComhar Creidmheasa le do thoil do théarmaí maidir le Cuntas Sóisearach)
- Tá an ticbhosca Cleithiúnach marcáilte mar 'Sea' ar ár gcóras ríomhaireachta

- Tá an ball gaolmhar faoi 18 bliain d'aois

Mura bhfuil 'Cuntas Gaolmhar' a fheiceáil agat agus i do thuairim gur chóir go mbeadh an 'Cuntas Gaolmhar' sin á fheiceáil agat, déan teagmháil leis an gComhar Creidmheasa le do thoil le cúnamh a fháil.

- **Cén bealach a n-aistreoidh mé airgead chuig ball eile den Chomhar Chreidmheasa nuair a mheastar nach 'Ball Gaolmhar' de mo chuid é/í?**

Má tá na ceadanna cuí agat, beidh ar do chumas 'Íocaíthe' a shocrú suas má tá an BIC agus an IBAN agat agus má dhéanann tú Aistriú Creidmheasa SEPA chuig an gcuntas gaolmhar seo. Ní mór go mbeidh Cuntas Flexi ag an mbeirt bhaill agus ní mór go mbeidh airgead leordhóthanach i do Chuntas Flexi féin chun aistriú rathúil a dhéanamh.

Tar éis Íocaí a bheith socraithe suas den chéad uair, beidh a gcuid mionsonraí le fáil i gcónaí sa roghchlár anuas ar 'Íocaí'.

- **An mbeidh ar mo chumas breisiú creidmheasa a dhéanamh ar an Fón Póca tríd an Bhaincéireacht ar Líne?**

Ní bheidh, ní seirbhís í seo atá á cur ar fáil ar láithreán gréasáin na Baincéireachta ar Líne.

- **An féidir liom Íocaíochtaí Idirnáisiúnta a dhéanamh?**

Má tá BIC & IBAN ag an gcuntas ar mhian leat aistriú a dhéanamh chuige, ansin is féidir aistriú a dhéanamh chuig an gcuntas seo agus úsáid á baint as an tsaoráid Aistriú Creidmheasa SEPA.

- **Cén fáth cód gníomhachtaithe a bheidh á fháil agam ar an bpost nuair a chláraím uimhir an Fón Póca?**

Is mar geall ar chúiseanna slándála é sin. Ach Cód Gníomhachtaithe a bheith faighte ar an bpost, is féidir é sin a chur isteach ar líne leis an Uimhir Fón Póca atá cláraithe a chur i ngníomh. Nuair a bhíonn an Uimhir Fón Póca cláraithe, seolfar aon Chóid Gníomhachtaithe eile trí theachtaireacht téacs.

- **An féidir liom iarratas a dhéanamh ar iasacht agus úsáid á bhaint agam as an mBaincéireacht ar Líne?**

Is féidir leat Meastachán Tapa maidir le hlasacht a fháil ar líne le tuairim a thabhairt duit maidir leis na haisíocaíochtaí thar thréimhsí áirithe ama. Déanfar tuilleadh forbartha amach anseo ar iarratais iasachta ar líne.

Seoltar taifead chuig an gComhar Creidmheasa d'aon Mheastachán Tapa atá comhlánaithe agat ar líne nuair a logálann tú isteach i do chuntas agus d'fhéadfadh an Comhar

Creidmheasa teagmháil a dhéanamh leat ó thaobh an Mheastacháin atá faighte agat a leanúint suas.

- **An féidir liom íocaíochtaí ar dháta amach anseo a dhéanamh agus an féidir liom Ordú Seasta a shocrú suas tríd an Bhaincéireacht ar Líne?**

Beidh ar do chumas Aistriú-Idir-Chuntais a dhéanamh chuig do chuntas féin agus chuig Cuntais Ghaolmhara. Beidh éifeacht leo seo ar an bpointe boise is a bheidh an t-idirbheart críochnaithe. Ní féidir dáta amach anseo a chur orthu seo.

Tá sé seo ar aon dul leis an iarratas a bheadh a dhéanamh agat agus tú ag an gcuntar sa Chomhar Creidmheasa.

Beidh ar do chumas, áfach 'Aistriú Athfhillteach' a dhéanamh freisin.

Déanfar an t-aistriú ó do Chuntas Flexi chuig aon chuntas eile ag a bhfuil BIC & IBAN.

Is féidir dáta amach anseo a chur orthu seo agus is féidir leat minicíocht na híocaíochta chuig an íocaí ainmnithe a roghnú.

Déanfar iad seo a phróiseáil trí theach imréitigh (CUSOP)

- **Cé na hamanna scoite atá i gceist d'aistriú bainc?**

Is féidir leis an gComhar Creidmheasa comhairle a chur ort maidir le hamanna scoite d'aistriú bainc nó tá na hamanna scoite d'aistriú bainc mionsonraithe laistigh de Théarmaí agus do Choinníollacha an Comhar Creidmheasa.

- **Tá Ráiteas ar Líne éilithe agam – cén bealach ina mbeidh an ráiteas sin á fháil agam?**

Cuirtear an t-iarratas seo go huathoibríoch chuig do Chomhar Creidmheasa chun an t-iarratas sin a phróiseáil agus a sheoladh chugat.

Sa chás gur mhian leat an t-iarratas a athrú/a cheistiú, déan teagmháil le do thoil le do Chomhar Creidmheasa le cúnamh a fháil.

- **Céard a tharlaíonn mura mbíonn an Láithreán Gréasáin/Aip Móibíleach le fáil mar gheall ar chúis éigin? Cad a dhéanfaidh mé?**

Cuirfear teachtaireacht ar fáil do lucht úsáidte na baincéireachta ar líne mura mbíonn an láithreán gréasáin nó an aip móibíleach ar fáil.

Is tréimhse ama gearr a bheidh i gceist anseo sa chás go mbíonn an láithreán gréasáin a thabhairt cothrom le dáta nó gur cuireadh as don nasc.

Sa chás, áfach, go leanann an tsaincheist ar aghaidh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gComhar Creidmheasa go díreach agus iad a chur ar an eolas maidir leis an tsaincheist.

Breithnithe Slándála

Coinnigh do ríomhaire slán agus cothrom le dáta

Tá bogearraí slándála ríthábhachtach an aimsir seo, beag beann ar an gcúis go bhfuil ríomhaire agat.

Déan cinnte go bhfuil 'Firewall' ar a laghad casta air agus go bhfuil bogearraí frithviris ag feidhmiú. Cinnteoidh an méid seo go mbeidh tú cosanta ó eochairlogálaithe/ clicfhudach agus ó chineálacha eile bogearraí mailíseacha a d'fhéadfaí a úsáid chun rochtain a fháil ar do chuid sonraí airgeadais.

Teastóidh uait freisin do chóras oibríochta agus bogearraí eile a choinneáil cothrom le dáta lena chinntiú nach bhfuil aon lúb ar lár ann ó thaobh slándála.

Téigh isteach i do chuntais ó láithreán atá slán

Is é an nós is fearr i gcónaí ceangal a dhéanamh leis an gComhar Creidmheasa agus úsáid á bhaint agat as ríomhairí agus as líonraí a bhfuil aithne agat orthu agus a bhfuil muintín agat astu.

Ach sa chás nach mór duit dul isteach ar an Bhaincéireacht ar Líne ó láithreáin chianda b'fhéidir gur mhian leat VPN (Líonra Príobháideach Fíorúil) a shocrú suas ionas go mbeidh ar do chumas nasc criptithe a bhunú chuig an líonra i do theach cónaithe nó chuig líonra ag an obair agus nascadh le do bhanc as sin.

Fair amach don íocón le glas fraincín ar do bhrabhsálaí agus seiceáil an barra seoltaí – ba chóir go dtosóidh URL an láithreáin a bhfuil tú air le 'https'. Feidhmíonn an péire acu seo mar dhearbhu go bhfuil tú ag dul isteach ar do chuntas trí nasc criptithe.

Logáil amach í gcónaí nuair atá tú críochnaithe

Is dea-nós logáil amach i gcónaí ó do sheisiún Baincéireachta ar Líne nuair atá do ghnó críochnaithe agat. Déanfaidh sé seo na deiseanna a laghdú ó thaobh a bheith faoi réir ag creachadh ó thaobh seisiún a fhuadach nó ó thaobh scriptiú cros-suímh.

B'fhéidir gur mhaith leat beartas cosanta breise a ghlacadh freisin maidir le brabhsáil príobháideach ar do ríomhaire nó ar d'fhón cliste agus do bhrabhsálaí a shocrú leis an taise a ghlanadh ag deireadh gach aon seisiún.

Déan monatóireacht ar do chuntais ar bhonn rialta

Ní gá a mheabhrú gur ionann agus sáchleachtas monatóireacht a dhéanamh ar do ráiteas ón gComhar Creidmheasa gach aon mhí mar go mbeidh aon idirbhearta neamhúdaraithe le feiceáil ar an ráiteas.

Ach cén fáth fanacht ar feadh míosa leis an neamhréir a aimsiú? Leis an mBaincéireacht ar Líne tá rochtain agat 24/7, mar sin bain buntáiste as agus seiceáil do chuntas ar bhonn rialta. Féach ar gach idirbheart ó logáil tú isteach go deireanach, má aimsíonn tú aon aimhrialtacht, déan teagmháil leis an gComhar Creidmheasa láithreach.

Taispeántas maidir le Baincéireacht Móibíleach Cu247

Le tuilleadh eolas a fháil maidir lenár mBaincéireacht ar Líne agus leis an Aip Móibíleach. [cliceáil anseo](#)

[Ceisteanna a chuirtear go minic](#)

[Téarmaí agus Coinníollacha](#)

Déan teagmháil linn

Powered By



Cumhachtaithe ag